Tabhair camchuairt ar rith.ie

Tabhair cuairt ar www.rith.ie agus aimsigh an t-eolas seo a leanas.

1. Cathain a bheidh Rith 2012 ar siúl?
2. Cad é Rith agus cén dhá mhóraidhm ag Rith 2012, cad iad?
3. Conas a ghlacann daoine páirt ann?
4. Cad é (a) túsphointe agus (b) ceann scríbe an chúrsa?
5. Ainmnigh 6 cinn de na príomhbhailte ar an gcúrsa.
6. An mbeidh Rith ag teacht go dtí do chontae féin? Cén fáth meas tú?
7. Cé mhéad ciliméadar ar fad atá sa chúrsa?
8. Cé mhéad a chosnaíonn km uimh. 519, lár an bhaile in Inis, Co. an Chláir?
9. Cé mhéad a chosnaíonn km uimh. 151, An Chorr Chríochach/Sólann, Co. Dhoire?
10. Cén fáth na praghsanna éagsúla, meas tú?
11. Cé a dhear an baitín sealaíochta?
12. Cén teachtaireacht a bheidh sa bhaitín?
13. Ainmnigh ceithre rud is féidir le daoine óga páirt a dhéanamh chun páirt a ghlacadh i Rith?
14. Cad é (a) *Korrika* agus (b) *Ar Redadeg* ?

Cuir d'fhreagraí i gcomparáid le cara sa rang. Ansin pléigh conas a d'fhéadfadh sibhse páirt a ghlacadh i Rith 2012, agus cad ba mhaith libh a dhéanamh?

Pleanáil do chúrsa féin

Tasc grúpa: Roghnaigh agus pleanáil cúrsa timpeall bhúr scoile nó bhúr mbaile féin Tugaigí na rudaí seo a leanas san áireamh.

Fad	Is leor km amháin, ach bíodh ciliméadar cruinn i gceist (nod – bain úsáid as uirlisí léarscáile ar líne chun an fad a thomhas).
Túsphointe agus ceann scríbe	B'fhearr go dtosódh agus go gcríochnódh an Rith san áit chéanna.
Sábháilteacht	An mbeadh an cúrsa sábháilte? Cé na háiteanna a mbeadh maoir ag teastáil?
Fógraí	An mbeadh gá le fógraí nó comharthaí ar bith a chur suas? Cá háit, agus cén treoracha a bheadh orthu?
Am	Cé na hamanna b'oiriúnaí chun an MionRith a dhéanamh? An bhfuil aon amanna faoi leith gur gá a sheachaint? Cén am a thógfadh sé an cúrsa a rith?
An Pobal	An gcuirfeadh an cúrsa isteach ar an bpobal (pobal na scoile)?
Feiceálacht	An mbeadh an cúrsa seo feiceálach? An mbeadh aon tionchar aige ar an bpobal – an bhfeicfeadh ranganna eile nach bhfuil páirteach ann go bhfuil rud éigin ar siúl?
Áiteanna faoi leith	An bhfuil aon áiteanna faoi leith gur cheart go mbeadh an cúrsa ag dul in aice leo? M.sh. seomra nó ionad faoi leith don Ghaeilge, ionad ceoil, áit go bhféadfadh daoine seasamh ag féachaint ar na reathaí?

Dear agus déan léarscáil den chúrsa, agus taispeántas ag cur síos ar na pointí thuas (bain úsáid as áiseanna ICT más féidir).

Ullmhaigh taispeántas agus giota cainte a bheadh oiriúnach le cur i láthair Bhainistíocht na Scoile (m.sh. an Príomhoide, Bord na nGobharnóirí, an Bord Bainstíochta srl) ag iarraidh orthu an Rith a eagrú.

Logainmneacha an Chúrsa

Beidh cúrsa Rith 2012 ag dul tríd na bailte sa tábla thíos.
Féach ar an taispeántas PowerPoint faoi Logainmneacha atá sa Phacáiste Scoile Rith.
Sortáil ainmneacha na mbailte de réir na logainmneacha sin – ar Bhileog 4.
Faigh amach cad is brí leis na príomhfhocail sna logainmeacha eile.

LÁ a hAON	**Lá a DÓ**	**Lá a TRÍ**
Gaoth Dobhair, Gort an Choirce Fál Carrach Dún Fionnachaidh An Craoslach An Tearmann Cill Mhic Réamóin Leitir Ceanainn Lifear An Srath Bán	Doire Dún Geimhin Machaire Rátha Carn Tóchair Baile na Scríne An Chorr Chríochach	Béal Feirste An Lorgain Ard Mhacha An Céide Baile an Lorgan Cluain Tiobrod Baile Mhuineacháin
Lá a CEATHAR	**Lá a CÚIG**	**Lá a SÉ**
Ráth Chairn Baile Átha Troim Cill Táile Droim Rí Domhnach Seachnaill Teamhar Cill an Chairn An Uaimh Baile Ghib	Leamhcán Cluain Dolcáin Tamhlacht Ráth Fearnáin Dún Droma Ráth Maonais Raghnallach Stigh Lorgan An Charraig Dhubh Dún Laoghaire	Léim an Bhradáin Cill Droichid Maigh Nuad Claonadh Na Solláin An Nás Droichead Nua Cill Dara Cill Daingean Áth Í
Lá a SEACHT	**Lá a hOCHT**	**Lá a NAOI**
Ceatharlach An Sráidbhaile Port Laoise Muine Gall Tuaim Uí Mheára An tAonach	Luimneach Sionainn Inis Cill Rois Cill Chaoi	Baile Locha Riach Baile Átha an Rí Órán Mór Gaillimh Bóthar na Trá Bearna An Spidéal Baile na hAbhann Casla An Ceathrú Rua
Lá a DEICH		
Inis Mór, Árainn		

Logainmneacha coitianta

- Sórtáil ainmneacha na mbailte ar chúrsa Rith 2012 sa tábla thíos.
- Déan sé ghrúpa breise do bhailte eile nach bhfuil bunús an logainm sa tábla.
- Faigh amach cad is brí le gach ceann de na príomhfhocail. Cabhróidh www.logainm.ie leat.
- Aimsigh logainmneacha eile chun cur leis na liostaí sa tábla.

ard	áth	baile
béal	carn	cill
cnoc	droichead	dún
gleann	inis	ráth
_____	_____	_____
_____	_____	_____

Imscrúdú Tíreolaíochta: creat oibre

Déan imscrúdú tíreolaíochta i do cheantar féin.

Réamhrá	▪ Roghnaigh topaic. m.sh. Logainmneacha an cheantair. ▪ Scríobh ráiteas nó hipitéis – m.sh. Tá nasc fós soiléir idir na logainmneacha sa cheantar agus an tírdhreach féin. ▪ Déan achoimre ar na cuspóirí: m.sh. liosta a dhéanamh de na logainmneacha as Béarla agus as Gaeilge, brí agus stair na logainmneacha a fháil amach, imscrúdú fisiceach a dhéanamh le fáil amach cad atá le feiceáil sna háiteanna éagsúla ▪ Déan liosta de na cineálacha faisnéise a bheidh ort bailiú: m.sh. léarscáileanna OSI, seanléarscáileanna, stair áitiúil, eolas ó dhaoine sa phobal, grianghraif de chomharthaí bóthair srl.
Pleanáil	▪ Socraigh conas a bhaileoidh tú an fhaisnéis: m.sh. léarscáileanna a fháil sa leabharlann, comhráití le daoine, turais go háiteanna éagsúla, glaonna gutháin ar oifigí na Comhairle Contae, ▪ Cinntigh liosta de shuíomhanna an imscrúduithe: m.sh. cad iad na logainmneacha a dhéanfar scrúdú orthu – cén ceantar go díreach; Oifigigh na Comhairle Contae, an leabharlann, www.logainm.ie; ▪ Dear agus déan ceistneoirí nó nó bileoga taifeadta le húsáid má chuirtear daoine faoi agallamh.
Sonraí a bhailiú	▪ Bain úsáid as ionstraimítí chun tomhais a dhéanamh. ▪ Déan taifead ar aon bhreathnuithe a dhéanann sibh go hallamuigh. ▪ Ná brath ar fhoinse amháin – bain úsáid as iliomad foinsí tánaisteacha – m.sh. doiciméid a thacaíonn le heolas a bhfuarthas i gcomhráití. ▪ Scaip agus bailigh ceistneoirí mar is cuí.
An tuairisc a ullmhú	▪ Eagraigh na sonraí. Déan anailís ar cheistneoirí nó eolas a bailíodh ó bhéal. ▪ Bain úsáid as léaráidí, graif, léarscáileanna agus táblaí más féidir. ▪ Déan iarracht TFC a úsáid chun na torthaí agus conclúidí a ullmhú agus a chur i láthair. ▪ Pléigh deacrachtaí nó fadhbanna a bhí ann.
Conclúid agus measúnacht	▪ Tar éis na torthaí a anailísiú agus a léirmhíniú. ▪ Déan conclúidí bailí ▪ Cuir na torthaí i gcomparáid le teoiric bhunaithe ▪ Féach siar ar do hipitéis nó aidhm gus cuir na torthaí i gcomparáid léi – déan meastóireacht uirthi. ▪ Pléigh bailíocht an imscrúdaithe agus déan moltaí le haghaidh feabhsuithe

* Teimpléad tógtha as Siollabas na hArdteistiméireachta

.

Imscrúdú Tíreolaíochta: creat oibre

Déan imscrúdú tíreolaíochta i do cheantar féin.

Réamhrá	▪ Roghnaigh topaic. m.sh. An Gaeilge i mo cheantar. ▪ Scríobh ráiteas nó hipitéis – m.sh. Tá a lán Gaeilge in úsáid i mo cheantar/ Níl aon úsáid don Ghaeilge sa cheantar seo, nó aidhm ghinearálta – léargas a fháil ar staid na Gaeilge sa cheantar. ▪ Déan achoimre ar na cuspóirí: m.sh. fáil amach cé mhéad daoine a úsáideann Gaeilge go laethúil? Cé na háiteanna ina bhfuil an Ghaeilge le feiceáil? Cé na háiteanna inar féidir Gaeilge a labhairt agus a úsáid – ionaid oifigiúla agus sóisialta? ▪ Déan liosta de na cineálacha faisnéise a bheidh ort bailiú: m.sh. léarscáileanna, eolas ó dhaoine sa phobal, staitisticí ón daonáireamh, grianghraif srl.
Pleanáil	▪ Socraigh conas a bhaileoidh tú an fhaisnéis: m.sh. comhráití le daoine, turais go háiteanna éagsúla, glaonna gutháin ar oifigí agus ionaid pobail, nuachtlitreacha áitiúla. ▪ Dear agus déan ceistneoirí nó bileoga taifeadta a bheidh ag teastáil. ▪ Cinntigh liosta de shuíomhanna an imscrúduithe: m.sh. Oifigigh na Comhairle Contae, Príomhbhóithre, An leabharlann, siopaí, ceistneoir ar dhaoine i ngrúpa faoi leith (m.sh. rang scoile).
Sonraí a bhailiú	▪ Bain úsáid as ionstraimítí chun tomhais a dhéanamh. ▪ Déan taifead ar aon bhreathnuithe a dhéanann sibh go hallmuigh. ▪ Ná brath ar fhoinse amháin – bain úsáid as iliomad foinsí tánaisteacha – m.sh. doiciméid a thacaíonn le heolas a bhfuarthas i gcomhráití. ▪ Scaip agus bailigh ceistneoirí mar is cuí.
An tuairisc a ullmhú	▪ Eagraigh na sonraí. Déan anailís ar cheistneoirí nó eolas a bailíodh ó bhéal. ▪ Bain úsáid as léaráidí, graif, léarscáileanna agus táblaí más féidir. ▪ Déan iarracht TFC a úsáid chun na torthaí agus conclúidí a ullmhú agus a chur i láthair. ▪ Pléigh deacrachtaí nó fadhbanna a bhí ann.
Conclúid agus measúnacht	▪ Tar éis na torthaí a anailísiú agus a léirmhíniú. ▪ Déan conclúidí bailí ▪ Cuir na torthaí i gcomparáid le teoiric bhunaithe ▪ Féach siar ar do hipitéis nó aidhm gus cuir na torthaí i gcomparáid léi – déan meastóireacht uirthi. ▪ Pléigh bailíocht an imscrúdaithe agus déan moltaí le haghaidh feabhsuithe

* Teimpléad tógtha as Siollabas na hArdteistiméireachta

Teangacha san Aontas Eorpach

Tá an t-ilteangachas ag croílár éagsúlacht chultúrtha an AE. 23 theanga oifigiúil atá ag an AE: Is iad sin:

An Bhulgáiris
An Ollainnis
An Fhionlainnis
An Ghréigis
An Iodáilis
An Mháltais
An Phortaingéilis
An Spáinnis
An tSeicis
Béarla
An Fhraincis
An Ungáiris
An Laitvis
An Pholainnis
An tSlóvaicis
An tSualainnis
An Danmhairgis
An Eastóinis
An Ghearmáinis
An Ghaeilge
An Liotuáinis
An Rómáinis
An tSlóivéinis



Bíonn rochtain ag daoine a chónaíonn san AE ar cháipéisí oifigiúla de chuid an AE i dteanga oifigiúil a dtíre féin. Tá sé de cheart ag Feisirí de Pharlaimint na hEorpa aon cheann de theangacha oifigiúla an AE a úsáid ag labhairt dóibh sa Pharlaimint.

Chomh maith leis na 23 teanga oifigiúil, tá timpeall 150 teanga réigiúnacha agus neamhfhorleathana san Aontas á labhairt ag timpeall 50 milliún duine. As na teangacha sin, is féidir le saoránaigh comhfhreagras a dhéanamh le príomhinstitiúidí an AE i dteangacha réigiúnacha na Spáinne (an Chatalóinis, an Bhascais agus an Ghailísis), agus dhá theanga eile (Gaeilge na hAlban, an Bhreatnais.)

Faigh amach cad is brí leis na téarmaí seo agus scríobh sainmhíniú dóibh.

ilteangachas (nó ilteangach)	
dátheangachas (nó dátheangach)	
máthairtheanga	
teanga oifigiúil tíre	
mionteanga (teanga mhionlaigh)	
teanga neamhfhorleathan	

Tá na mílte teangeolaí agus ateangairí ag obair sa Choimisiún Eorpach nó ar bhonn conartha dóibh, rud a fhágann go bhfuil sé ar cheann de na seirbhísí aistriúcháin is mó ar domhan.
An aontaíonn tusa le polasaithe teanga an Aontais Eorpaigh?

Teangacha san Aontas Eorpach: Focalchuardach

Aimsigh 28 teanga atá in úsáid san Aontas Eorpach san fhocalchuardach thíos.

Tá liosta ar Bhileog 6 mar chabhair duit.

s	s	a	s	i	c	n	i	a	r	h	f	n	a	i	n	a	s	t	n
i	i	a	n	s	i	a	t	l	á	h	m	n	a	l	e	i	r	i	r
l	n	r	m	f	a	n	g	h	e	a	r	m	á	i	n	i	s	l	e
i	i	a	i	r	h	a	n	b	h	r	e	a	t	n	a	i	s	i	s
é	á	g	u	á	á	i	a	n	t	s	l	ó	i	v	é	i	n	i	s
g	u	a	s	a	g	n	o	f	h	s	e	a	t	g	i	s	v	i	r
n	t	n	b	i	u	l	n	n	i	n	l	h	a	h	i	t	n	h	a
i	o	e	é	r	g	i	u	a	l	o	i	e	b	n	i	n	a	a	n
a	i	a	a	h	r	r	c	h	h	a	i	i	i	a	i	s	s	n	s
t	l	s	r	ó	l	s	i	p	b	l	i	ó	l	a	n	i	i	i	p
r	n	t	l	á	a	r	n	a	g	n	l	n	l	a	s	n	c	o	á
o	a	ó	a	h	i	a	n	e	h	a	a	l	n	í	a	i	i	d	i
h	t	i	b	s	h	h	n	i	t	m	o	u	l	i	a	á	e	á	n
p	a	n	t	s	u	a	l	a	i	n	n	i	s	v	s	m	s	i	n
n	a	i	r	t	h	á	h	u	a	g	a	a	ó	b	i	ó	t	l	i
a	i	s	a	a	a	c	o	v	á	h	a	l	d	g	a	r	n	i	s
s	a	i	l	a	n	m	a	i	g	f	s	n	e	n	h	n	a	s	v
i	n	b	b	a	a	s	r	n	n	t	a	g	i	i	a	a	i	o	n
a	a	o	k	o	u	i	a	i	n	s	i	g	i	é	r	h	g	n	a
n	i	f	a	i	s	o	a	a	e	g	l	i	e	a	h	g	n	a	h

Freagraí

1.	2.	3.	4.	5.
6.	7.	8.	9.	10.
11.	12.	13.	14.	15.
16.	17.	18.	19.	20.
21.	22.	23.	24.	25.
26.	27.	28.		

Dúshlán breise: Bain úsáid as uirlis ar líne chun RITH a aistriú go gach ceann de na teangacha agus déan póstaer leis na teangacha go léir, nó scamall focal ar www.wordle.net.